Cuideaċtan Eastát Tionsclaċ Gaoṫ Dóḃair

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

...aċ, beaḋ cúrsa cúram faoi leiṫ ...r an ċuideaċtan córaisí tais...eál a ṡocrú le oibríṫe a ṫabairt ar tús isteaċ óna ceantair ...impeall Ċloiċeannaola ⁊ Gort ...' Ċoirce, agus Gaoṫ Doḃair ...éin, agus níos moille, de réir ...nar beaḋ an fostaíoċt ag méadú ...ibríṫe a ṫabairt isteaċ ó iom...án na Rosa soir go Rosgoill, ...iar go hÁrainn agus ó ḋeas go ...leann Ḟinne agus Leitir Ṁic ...n Ḃáird.

...pleanáil

Ḃeaḋ gá acu le pleanáil ciall...ṁar a ḋéanaṁ fá ċoinne fás ...aile mór ṫart timpeall—baile mór a d'ḟéadfaḋ, i mbeagán ama ... ḃeiṫ ag síneaḋ ó Croiċṡlí go ...álċarraċ. Sin an rud a ḃeaḋ i ...ceist le cuideaċtan eastáit ...ionsclaċ. Sin na h-aiḋmeanna a ...eaḋ acu, agus ní gá insint do ...uine ar biṫ a ṫuigeas an Gael...taċt gur mór ar fad an difríoċt ... ċuireaḋ sé ar cúrsaí Gael...taċt Ḋún na nGall, agus go ...cuirfeaḋ sé Gaeltaċt Ḋún na ...Gall ar láṁ sáḃáilte.

...bunú

Agus níl le déanaṁ fá ċoinne sin uilig go léir a ċinntiú, aċ bille a ṫabairt isteaċ go dtí an Dáil ag bunú Eastát Tionsclaċ Ċloiċeannaola, agus dóṫain capital agus cuṁaċta a ṫabairt dó, agus aiḋm agus cuspóir a leagan amaċ go soiléir roiṁe. 'Na ḋéiḋ sin, ní ḃeaḋ le déanaṁ aċ fir cumasaċa, aḃálta a ċur ina ḃun, agus ḃeaḋ sé orṫa-san an obair a ċur ċun cinn.

beag an seans

Céard faoi a Aire na Gaeltaċta? An ḃfuil tú ċun é sin a ḋéanaṁ anois? Nó an gcaiṫfiḋ muid ċur suas le caint in ionad gníoṁ, le briaṫra in ionad bia? Más ea, is beag an seans atá ag Gaeltaċt Ḋún na nGall, nó ag Gaeltaċt ar biṫ eile, agus is beag an seans go dtaḃarfaiḋ na daoine a ṫiocfas in ár ndéiḋ... díoḃṫa sin, d'ḟeall ar an nGaeltaċt, agus d'ḟeall ar an náisiún ċoṁ maiṫ.

an dóiġ

Ar scór ar biṫ, ṫaispeáineaṁar an dóiġ a ḃféadfaí é a ḋéanaṁ, agus ní ḃeaḋ sé deacair fós. Ḃí cinnte de sin. Mar tá rud aṁáin, buntáiste aṁáin anseo, naċ raiḃ in áit ar biṫ eile. Go ḃfuil toil ag pobal a tógaḋ anseo, is cuma cé'n áit ar an doṁan a ḃfuil siad, tá toil acu teaċt arais agus cónaí sa ḃaile, má tá seans ar biṫ acu obair a ḟáil.

Mar sin de, ní ḃeaḋ barraíoċt ar biṫ deacraċt ag an ċuideaċtan ag lorg agus ag fáil oibríṫe. Ní ḃeaḋ ag teastáil aċ na tionsclóirí a ṁeallaḋ anseo tré na seirḃísí agus na monarcain a ċur ar fáil díoḃṫa. Sin an gnó a ba ċeart roiṁ cuideaċtan eastáit tionsclaċ agus sin an gnó a d'ḟéadfaḋ siad a ḋéanaṁ mar a rinn cuideaċtan Saor-Aerpórt na Sionainne san áit a raiḃ níos lú buntaistí agus ar b'éigin díoḃṫa tosaiġ go h-úr nua a' tógáil tiṫe agus scoltaċa agus tiṫe pobail agus gaċ sórt.

Diultú Údarais do Coiste Ṁuiġeo

Tá Coiste Gairm-oideaċais Ṁuiġeo ag cur ceiste ċun na Roinne cé'n fáṫ ar diúltaíoḋ údarás a ṫabairt fá ċoinne ceapaḋ múinteoir breise aḋmadóireaċt ⁊ áḃar tógála, múinteoir miotalóireaċt don ċondae.

Rinne an Coiste an dá ċeapaċán, aċ dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ leo, gur ḋiúltaiġ an Roinn údarás a ṫaḃairt fána gcoinne. Dúirt sé nár ṫug sé scéala don ḃeirt múinteoirí.

Eoin Mac Aoḋa — An ḃfuil tú ag obair dúinne nó don Roinn?

An Príoṁ-Oifigeaċ — Níor ṫug mé scéala díoḃṫa toisc gur ḋiúltaiġ an Roinn údarás a ṫaḃairt do na gceapaċán.

Eoin Mac Aoḋa — Ṫug an Coiste seo treor cinnte agus sílim gur ċeart duit fógra a ċur ċuig na daoine seo.

An Príoṁ-Oifigeaċ — Ḋéanfaí surcharge orainn dá ndéanfinn é.

Eoin Mac Aoḋa — Ḃa ċeart scéala a ċur ċuig na daoine.

An Príoṁ-Oifigeaċ — Ní ṫig leat polúntas a ḋéanaṁ gan údarás na Roinne. Tá sé mí-ḋleaṫaċ ar fad.

Eoin Mac Aoḋa — Níl ḟios agam cé'n fáṫ a ḃfuil muid anseo ċor ar biṫ. Ṡocraiġ muid i gcoinniḃ na Roinne go gceapfaḋ muid na fir seo.

An Príoṁ-Oifigeaċ — Ḋiúltaiġ siad údarás sul ar ċeap muid iad.

Eoin Mac Aoḋa — An ḃfuil scéal ar biṫ againn ón Roinn faoi?

An Príoṁ-Oifigeaċ — Laḃair mé leo ar an guṫán. agus dúraḋ liom naċ dtiocfaí iad a ċeapaḋ.

Ar ṁolaḋ ó P. S Ó Maolrúnaí socraíoḋ go n-iarrfaí ar an Roinn cúiseanna a ṫaḃairt fá ċoinne diúltú údarás don dá ċeapaċán seo.

Gleann Colmcille

Ṫiṫ 9.14 cm. uisce i nGleann Colmcille (3 3-5 orlaí) an fearṫain is airde a ṁoṫaíoḋ ariaṁ in aon lá aṁáin anseo. Tá trí loċa ar aḃainn Murlainn, agus briseadar uiliġ a mbruaċa, agus bí na céadta cocaí féar scuabṫa 'un bealaí.

Ṫug Mrs. Arotti Dutt, Uaċtarán Cumann Ḃantraċt na Tuaiṫe an Doṁain, cuairt ar Ġleanncolmcille. i gcuideaċta leis an Seanadóir Uí Eiċtiġeirn, agus daoine eile ó Ḃantraċt na Tuaiṫe in Éirinn. Ċuir Ḃantraċt na Tuaiṫe Ġleanncolmcille fáilte rompa, agus laḃair an tAṫair Séamas Mac Duiḃir, caṫaoirleaċ agus baill bunaí do Ċoṁar-Ċumann an Eargail. D'inis sé dóiḃ na rudaí go léir in forḃairt áiṫe a ḃí ar siúl i nGleanncolmcille. Tá muid ag iarraiḋ deireaḋ a ċur leis an imirce agus árdú caiġdeán beaṫa a ṫaḃairt dár muintir, adúirt an tAṫair Mac Duiḃir. Caḃair imeasc an poḃail an rud is mó a ḃfuil muid ag braṫ air fána ċoinne sin.

bealaċ na cruaiṫe

Is ioma uair a ḃíomar ag scríoḃaḋ ins an ṗáipéar seo leis an bealaċ fíor ḋeas leis na radarcanna is deise in áit ar biṫ sa tír, atá timpeall Ceann na Cruaiċe, agus gur ċeart an bealaċ seo a ḋeisiú agus a ḋéanaṁ mar príoṁ ṫarraingt turasóireaċta don ċeantar Cluinimid anois go ḃfuil socrú déanta go dtosnófar ar an ḃealaċ seo, ní an ḃliain seo ná an ḃliain seo ċugainn, aċ in 1967. Is trua a ḃeiṫ ċoṁ mall, agus is maiṫ go ḃfuil sé ag teaċt an uair sin ḟéin. Tá an bealaċ seo. ó an Ṁaċaire suas go Ceann na Cruaiċe, agus ón Ċruaiċe amaċ go Fál Coirriḃ agus Fál Creiġe agus isteaċ arais go Mín na Croise ar ċeann de na bealtaí is deise dá dtigeaḋ le duine ar biṫ a ṡiúl, ná a ṫiomáint in Iarṫar Ḋún na nGall, nó in Éirinn uiliġ.

Gleannḃarr

"Is fada siar an rud na gcuireann Dia aniar". Tá crúṫú an tsean naṫáin le feiceáil ar ṗríoṁ ḃealaċ mór Ġleannḃarr ar na laeṫe seo óir ḃí an bealaċ seo sa ċruṫ go dtí na mallaiḃ na mó na go dtiocfaiḋ le gaḃar a' tsléiḃe siúl air. Ḃí muid ag iarraiḋ agus ag impí ar Ċoṁairle an Ċontae le blianta fada rud éigin teaċt a ḋéanaṁ leis. Níor tugaḋ aird ar biṫ ar ár n-aċainí go dtí anuraiḋ. Tosnóiḋ anuraiḋ leaṫnaíoḋ an bealaċ mór ins na háiteaċa a raiḃ sé ró-ċung, cuireaḋ cóta maiṫ doṁain gairḃéil air agus cuireaḋ cóta eile gairḃéil air agus anois táṫar go díreaċ indiaiḋ ċóta tarra a ċuir air agus i ndeireaḋ na dála tá bealaċ mór breá cruaiḋ glan againn anois, Glóire do Ḋia.

Tá Isbéal 'Níon Ní Luaċra, 'níon Ṫomais Uas., agus a bean, M. Ní Luaċra, O.S., An Ceaṫrúin Ċaoil, indiaiḋ a dul ins na Mna Rialta, Órd Misinéirí Naoiṁ Ċolumbáin, Maċaire Mór, Co. Cill Ṁantán. I mí Ṁeiṫiṁ as ċuaiġ ṫart ċríoċnaiġ 'Níon Ní Luaċra cúrsa tís i Scoil Naoiṁ Caitríona, Cnoc Sion, Baile Áṫa Cliaṫ. Fuair sí an cailíoċt Múinteoir Tís ag deireaḋ a cúrsa. Tá'n teaġlaċ uiliġ go h-an ċliste intleaċtaċ. Tá Caitlín an deirfiúr is sine, ag teagasc tís i mBaile Áṫa Cliaṫ. Fuair Pádraic, an deartáir is sine scoláireaċt ollscoile agus le cúpla bliain anuas tá sé ag déanaṁ cúrsa leiġis in Ollscoil na Gaillime. Tá a ḋeartáir, Tomás, ag déanaṁ cúrsa innealtóireaċta san ollscoil céanna. Gnóṫaiġ Iocaim, deartáir eile, scoláireaċt ollscoile ar an tsaṁraiḋ seo caiṫe agus fuair sé scairt ionsair Coláiste Oiliúna Naoiṁ Pádraic, Baile Áṫa Cliaṫ, fosta. Ċuaiġ sé ionsair an ċoláiste oiliúna. Tá'n deirfiúr is óige ag déanaṁ cúrsa meán oideaċais i gClocair Loreto, Leitir Ceanainn. Tá'n deartáir is óige ag an bunscoil go fóill. Ins an scrúdú iontrála go dtí Scoil Caitríona fuair Caitlín an dara áit in Éirinn go huile agus bliain indiaiḋ sin fuair Isibéal an áit céanna. Fuair Iocaim an dara áit sa ċontae ins an scrúdú iontrála go dtí Coláiste Aḋaṁnáin, an áit a ḃfuair sé a ṁeánċúrsa.

Leis an tseaċtain de aimsir breá ṫirim a ṫáinig ar na mallaiḃ sáḃálaiḋ an barr coirce sa ċeantar seo uiliġ. Tá bunus na brpéataí bainte fosta. Níl na préataí baol ar ċoṁ maiṫ ⁊ a ḃí siad anuraiḋ agus tá cuid mór acu loḃṫa, go háiriġṫe, préataí ar ṫalaṁ íseal. Ḃí talaṁ íseal ar maos riṫ an tsaṁraiḋ beagnaċ.

Éadan Anfa

I dTeaċ Pobail an Teaġlaí Naofa, Eadan Anfa, pósaḋ Seán Ó Maoilḃuaiḋ, mac le Ḃríd Ḃean Uí Ṁaoilḃuaiḋ, agus Pádraic Ó Maoilḃuaiḋ, naċ maireann, ⁊ Máire Ní Ċaimbéal. iníon do Caṫal Mac Caimbéal agus Róise Ḃean Uí Ċaimbéal, Cnoc an Airgid, Na Gleanntaí. Dónal Mac Ḟionnlaoiċ, col-ceaṫrar an ḟir, agus M. C. Ní Ḋoṁnaill, col-ceaṫrar na brideoige, a ḃí ag ḃaiteoireaċt leo. An tAṫair Mac Ḟloinn. S.C., Baile na Finne a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Ḃeannaċt an Ṗápa. Ḃí an ḃainis in Óstán Highland, Na Gleanntaí.

Baile na Finne

Ag cruinniú de Ċoṁairle Ċondae Ḋún na nGall ṁol Cormac Ó Breisleáin, T.D., go gcuirfí scéim uisce ar fáil do ceantair Baile na Finne, agus Brocaċ. Cinneaḋ an rún a ċur ċuig an Ċoiste Cúrsaí Gineáralta don Ċoṁairle.

Iorras

Cúis bróin mór insan ċeantar, bás Máiréad Ḃean Ḃairéad, tobann, agus gan í aċ 56 bliana d'aois. Ḃa í máṫair Peig Ní Courlish, O.S., Gaillimh, í agus ball de ṫeaġlaċ a ḃfuil árd ṁeas orṫa ar fud an ċeantair. Ḃí brón mór insan ṗaráiste agus mórṫimpeall nuair a ṫáinig an scéala. Tugaḋ an corp go Séipéal Gaoṫ Sáile, agus ċuaiġ an soċraid ó sin go reiliġ Gaoṫ Sáile, taréis Aifreann Solúnta na marḃ, a léiġ an tAṫair Mac Giolla Ḃarraiġ, S.C., Gaoṫ Sáile. Níṫear coṁḃrón lena mac Ṁíċeál, agus iníon, Peig Ḃn. Uí Courlish, Gaillimh, agus a dearṫáraċa, Míċeál agus Pádraic.

Bás eile a ṫárla insan Ospidéal Condae i gCaisleán an Ḃarraiġ, taréis tinneas gearr, ab' ea Míċeál Ó Mongáin, feilméar 65 bliana as Imleaċ Ḃeag. Ḃí, árd ṁeas air insan ċeantar, agus feilméar an saoṫaraċ ab' ea é. Ċoṁ maiṫ leis sin, ḃí sé fial flaiṫiúil, agus cainteaċ cuideaċtúil leis an pobal. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal Fód Duḃ, ar an Luan, an áit ar ġlac an Canónaċ Cill Geannáin, S.P., leis, agus ċuaiġ an soċraid go reiliġ Tearmoncara, taréis Aifreann na Marḃ, a léiġ an tAṫair Ó Móróa, agus adúirt na paidreaċa ag an uaiġ.

Níṫear coṁḃrón lena ḃaintreaċ agus a ċúigear mac, Míċeál, Pádraic, Seán, Seosaṁ agus Séamas, agus cúigear iníonaċa, Máire Ḃn. Uí Ċonḃaí, Ḃ. Ḃean Uí Ṁóróa, Ḃean Uí Stiofán, agus Máiréad agus Treasa, agus lena ḋeartáraċa, Pádraic agus Seán ins na Stáit Aontaiṫe, agus Máirtín agus Tadaí agus deirfiúraċa, Ḃean Uí Ṡriann agus Bríd, i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Tá an obair ag dul ar aġaiḋ go maiṫ ar tógáil na céiḃ nua ag Port Orlainn. Oibríṫeoirí ón Coṁairle Condae atá ag obair ansin le coicís anois.

Níl na haontaí go maiṫ, agus tá titim ar an éileaṁ agus don luaċ don stoc. Ḃí aonaċ Ḃéal an Ṁuirṫid seaċtaim go hAoine seo caiṫe, go h-an dona. Cé go raiḃ neart beiṫí ar tairiscint ḃí laġdú ins na luaċa. Aċ, ḃí árdú beagáinín in ḃa ionlaoiġ. Ḃí aonaċ mór i mBeannĊor Iorras, agus neart caoraċ ar tairisgint, aċ gan mórán éileaṁ orṫa. Luaċa; Caoirí, ó £2 go £3; uain 27s. go 35s. Ní raiḃ mórán éileaṁ ar na searraiġ a raiḃ cuid maiṫ díoḃṫa ar tairiscint.

Coṁġáirdeaċas le Áine Ní Ċinnéide, múinteoir tís i mBéal an Ṁuirṫid, atá ceapaiṫe le maoirseaċt ar cúrsaí in cocaireaċt tí ósta insan Óstán an Iarannróid, i Maolraiṫne.

Ḃ⁊ 700 i láṫair ag daṁsa bliantúil Fianna Fáil in halla an ḃaile, Ḃéal an Ṁuirṫid. Ṫug an Seanadóir Ó Lionaċáin buíoċas don scata as teaċt.

Tá na sionnaí go dona ar fad insan gceantar anois, agus tá na feilméaraí ag eagrú sealgaireaċt le iad a ṁarú. Dé Doṁnaiġ seo caiṫe, ṁaraiġ scata faoi ċeannas P. S. Ó Nuáin, trí sionnaċ.

Níṫear coṁḃrón le Tomás Ó Gallċoḃair, Duḃ Ṫuama, i mbás a aṫair, Pádraic Ó Gallċoḃair a d'éag ag a ċónaí féin, i gCros Uí Ṁaoilíona, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine.

Ḃí cruinniú oíċe Ṁáirt seo caiṫe insan halla imBéal an Ṁuirṫid, le eagrú a ḋéanaṁ fá ċoinne cúirt crua leadóige a leagann síos. Deirtear go mbeaḋ sé seo ana úsáideaċ don ḃaile, agus ina ṫarraingt turasóireaċta ċoṁ maiṫ, do ċeantar Iorras ar fad.

Coṁġáirdeas le Míċeál Laḃelle, mac le Míċeál Laḃelle agus a ḃean, Sráid an Ṗiarsaiġ, Béal an Ṁuirṫid, ar a pósaḋ le déanaí, le Mona Nic Loċlainn, Raṫfearnáin, Baile Áṫa Cliaṫ.

Ċeannaiġ Muintir Deaġain, Duḃgort, Gaoṫ Sáile, feilm le Pádraic S. Mac Aimoriú, Béal an Ṁuirṫid. Tá an feilm ag Cor Cloċ, ṫoir, Béal an Ṁuirṫid.

Cloċán Liaṫ

Ní ḟacṫas ariaṁ oiread de ṫuille in Aḃainn an Ċloċáin Liaṫ agus a ḃí le linn an tuille móir. D'éiriġ an tuisce indiaiḋ a ḃeiṫ ag bataráil ar ḋroiċead ar bealaċ Ġaoṫ Doḃair, go dtí gur spré sé amaċ ar an dá ṫaoḃ, agus ḃí 100 slat don ḃealaċ mór faoi uisce taoḃ ṫíos den ospidéal. Lean an t-uisce ag scuaba leis síos go dtí droiċead ċun an ḃaile, ḃris ceann de na ballaí agus spré an t-uisce amaċ trioċa slat eile. Ṁill sé garraí Nóra Ḃean Uí Ḃaoill garraí Landscape a ḃí ag T. Ní Doċartaiġ. ṁill sé teaċ na móna, agus baitċí a ḃí ag S. Ó Canáin. Aċ, teaċ Antoine Ó Cnáiṁsí, ar an taoḃ eile den droiċead a ba ṁeasa a ḃí ṫíos leis an tuille. D'iompar an tuille ar ṡiúl 2 lód tractor de ṁóin a ḃí ar ċúl an tí, agus scaip sé síos na farraige é. Milleaḋ garraí cloċa a ḃí tógṫa ag Eiḃlín Uí Cnáiṁsí ar ċúl an tí. Ḃris an t-uisce isteaċ ar an sraiṫe íoċtar den Northern Bank agus isteaċ ar ċúl teaċ Seán Breaṫnaċ. Ḃí bealaċ Gaoṫ Doḃair druidte ar fad de ṫráċt, agus ní raiḃ aċ tráċt bealaċ aṁáin ar droiċid an ḃaile. Stop an tráċt idir an Cloċán Liaṫ agus na Gleanntaí nuair a líon Aḃainn Doire Druail treasna ar an bealaċ mór. C. Mac an Ḃáird, an duine deireanaċ a ṫáinig tríd slán anseo. agus fá ḋeiriḋ, b'éigin do na caranna eile a ḋul ṫart an ḃealaċ fríd Ḃearnas agus an Diamond.

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ċloċán Liaṫ, ḃí barrántas in éadan Seosaṁ Mac Aoḋa, Doḃair Lár, Dun Ḃeag, as gan tuairisc a ṫaḃairt ar taisme, gan stad in áita raiḃ taisme, agus gan an cárr a ċoinneáil ag an áit a raiḃ taisme. Do ċaiṫ an Giúistís amaċ na cásanna. Ṫug Pádraic Ó Muirí. seaċt-mbliana d'aois, go raiḃ cárr ag dul ṫart leis féin agus lena ḋeartáir, Séamus, agus gur ḃuail láṁċrann an dorais, Séamus, agus gur ṫiṫ sé na ṁullaċ-san. Dúirt Máiréad Ḃean Uí Ṁuirí, máṫair na ngasraí, go raiḃ sí a ċuartú na ngasraí. agus nuair a d'ḟill siad na ḃaile, go raiḃ scríob ar sciaṫán Ṡéamuis. Dúirt an Sáirsint Blennerhasset, gur ḋúirt Mac Aoḋa leis go ndeaċa sé ṫart le gasúr beag ar an ḃealaċ, agus é a' tiomáint an ċárr, agus go ndeaċa sé measarṫa clósáilte don ṗáiste, agus go raiḃ cuma air go raiḃ scárṫaí. Níor ḋúirt sé gur ḃuail sé an páiste. Dúirt an Giúistís naċ raiḃ fianaise go leor aige, agus ċaiṫ sé amaċ an cás. Ḃí Pádraic Ó Doṁnaill. T.D., ar son an ċosantóra agus an Ceannfort Ó Collaḃráin ag cúisiú.

Árd a' Ráṫ

Ḃí na céadta acra faoi ṫuillteaċa i ngleann Aḃann Aoḋa. Tugaḋ ar ṡiúl móin agus féar, agus leagaḋ ballaí droiċid Aḃann Aoḋa. Ṫáinig S. Mac Niallas, Ceannaí, a ḃfuil cónaí air, agus siopa aige in aice leis an droiċead. slán indiaiḋ siúl fiċe troiġ tré uisce. Ḃris aḃa aḃainn Toċar amaċ tré na cuid bruaċa. B'éigin do Éamonn Ó Breisleáin, a ḃean agus a ṫeaġlaċ a ṫaḃairt amaċ as a dteaċ cónaí den dara h-uair i mbliana. Ḃí 150 slat de ḃealaċ Árd a' Ráṫa-Ḋún na nGall faoi ḋá ṫroiġ uisce.